**Ráiteas Príobháideachais**

Deimhníonn an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta go ndéileálfar le haon eolas a chuireann tú isteach tríd an tairseach seo de réir na gcaighdeán slándála agus rúndachta is airde agus is féidir, i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus leis an Acht um Chosaint Sonraí 2018.

**An bealach a mbailímid do chud eolais**

Bailíonn tairseach Comhairliúcháin Ar Líne na Roinne faisnéis phearsanta uait ionas gur féidir leat do fhreagra a chur isteach faoi bhráid an chomhairliúcháin phoiblí maidir le Tairseacha Scagtha Measúnacht Tionchair Timpeallachta. Bailítear do shonraí ar na bealaí seo a leanas:

- Go díreach ó d'ionchur scríofa ar an tairseach tríd an bhfoirm chlárúcháin, foirmeacha aighneachta agus
- Go huathoibríoch trí fhianáin a úsáideann an tairseach

**An t-eolas a sholáthraíonn tú**

Bailímid an t-eolas seo a leanas fút ó d'úsáid den tairseach:

Eolas a sholáthraíonn tú dúinn go díreach:

- D'ainm agus do sheoladh ríomhphoist
- Ainmneacha úsáideora agus pasfhocail;
- Nuair a thaifeadtar gur ghlac tú leis an bPolasaí Príobhaideachais

**Eolas a Bhailítear go hUathoibríoch**

D'fhéadfaimis eolas áirithe a bhailiú go huathoibríoch faoin ríomhaire nó gléasanna (lena n-áirítear gléasanna móibíleacha nó táibléid) a n-úsáideann tú chun rochtain a fháil ar an tairseach comhairliúcháin. Áirítear leis an eolas sin:

- Cruthú cuntais agus dáta agus am an logála isteach dheireanaigh;
- Seoladh IP
- Le do thoiliú trí úsáid a bhaint as fianáin anailísíochta roghnacha, lena dtaifeadann eolas faoi ghléasanna amhail:
    - Eolas faoi shuíomh (de réir tíre agus cathrach)
    - Aitheantóirí gléis uathúla
    - Seoladh AIFP agus PRT/PI
    - cineálacha brabhsálaithe,
    - teanga an bhrabhsálaí

   - réiteach scáileáin
   - córas oibriúcháin,
   - eolas iompróra gléasanna móibíleacha, agus

Úsáidimid MTCaptcha chun slándáil na tairsí a chinntiú agus chun cosaint a thabhairt i gcoinne turscair agus mí-úsáide. Ní úsáidtear sonraí a bhailíonn MTCaptcha ach chun cuspóirí slándála agus chun gníomhaíochtaí calaoiseacha a chosc. Féach ar Pholasaí Príobhaideachais Breiseáin Captcha MTCaptcha.

**Cad a theastaíonn uainn agus cén fáth a dteastaíonn sé uainn**
Is féidir linn eolas atá againn fút a úsáid ar na bealaí seo a leanas:

- Eolas a thugann tú dúinn. Úsáidimid an t-eolas sin:
    1. chun ár n-oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le do chuid freagraí ar chomhairliúcháin phoiblí a phróiseáil;
    2. chun fógra a thabhairt duit faoi dheimhniú go bhfuaireamar do fhreagra ar chomhairliúchán;
- Eolas a bhailíonn an tairseach fút. Úsáidtear an t-eolas sin:
    1. chun an tairseach a riar agus le haghaidh oibríochtaí inmheánacha, lena n-áirítear fabhtcheartú agus tástáil.
    2. chun a chinntiú go gcuirtear ábhar i láthair ar an mbealach is éifeachtaí duit féin agus do do ríomhaire nó do ghléas móibíleach;
    3. chun an tairseach a choinneáil slán sábháilte; agus

**Ár mbonn dlíthiúil maidir le do chuid eolais a úsáid**
An bonn dlíthiúil atá le próiseáil do shonraí pearsanta ná go bhfuil sé riachtanach chun tasc a chur i gcrích ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir.

Tá an bonn dlíthiúil bunaithe ar Chuid 225 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2024.

**Cé chomh fada a choinneoimid do shonraí**
Coinneoidh an Roinn an aighneacht agus eolas pearsanta eile chomh fada agus is gá chun na gcríoch dár bailíodh iad agus dár próiseáladh iad. I gcomhréir le riachtanais reachtaíochta agus gnó.

**Stóráil d’eolais, aistrithe sonraí idirnáisiúnta agus slándáil**
I gcás gur thugamar pasfhocal duit (nó i gcás inar roghnaigh tú pasfhocal) a chuireann ar do chumas rochtain a fháil ar chodanna áirithe dár dtairseach, tá tú freagrach as an bpasfhocal sin a choinneáil faoi rún. Iarraimid ort gan do phasfhocal a roinnt le haon duine.

Cuireann an Roinn bearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí i bhfeidhm chun d'eolas a chosaint ar rochtain neamhúdaraithe. Mar sin féin, in ainneoin na mbeart seo, níl aon chóras slándála foirfe ná do-thréscaoilteach, agus ní féidir aon mhodh tarchurtha sonraí a ráthú i gcoinne idircheaptha nó mí-úsáide.

Ní dhéanfaidh an Roinn sonraí pearsanta arna bhailigh i leith an chomhairliúcháin seo a thraschur go tír nó go heagraíocht idirnáisiúnta ar bith taobh amuigh den AE/ LEE.

**Cinntí uathoibrithe**
Ní úsáidtear do shonraí pearsanta le haghaidh aon chinntí uathoibrithe.

**Do chearta**
Tá Beartas Cosanta Sonraí na Roinne, a leagann amach conas a úsáidfimid do shonraí pearsanta, chomh maith le faisnéis a sholáthar maidir le do chearta mar ábhar sonraí (lena n-áirítear sonraí maidir le ceart rochtana, ceart chun ceartúcháin, ceart chun scriosta, ceart chun srianadh a phróiseáil, ceart agóide), ar fáil ar ár suíomh gréasáin. Tá cóip chrua den bheartas ar fáil freisin ach é a iarraidh. Má mheasann tú gur sáraíodh do chearta, tá sé de cheart agat gearán a dhéanamh le Coimisiún um Chosaint Sonraí na hÉireann (www.dataprotection.ie), agus tá sé de cheart agat leigheas breithiúnach a lorg.

**Imní nó gearáin**
Is í an Roinn an Rialaitheoir Sonraí agus do shonraí pearsanta á bpróiseáil aici chun na gcríoch a leagtar amach thuas. Tá mionsonraí teagmhála na Roinne ar fáil ag: https://www.gov.ie/en/organisation-information/839bc-contact-the-department-of-housing-local-government-and-heritage/

Tá Oifigeach Cosanta Sonraí ceaptha ag an Roinn chun tacú lena cloí leis an dlí maidir le cosaint sonraí. Seo a leanas na sonraí teagmhála de chuid Oifigeach Cosanta Sonraí na Roinne:

Oifigeach Cosanta Sonraí
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Bóthar an Bhaile Nua↲
Loch Garman

Ríomhphost: data.protection@housing.gov.ie